C/2025/6248

19.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12222 — COVIVIO GROUP / CDC / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6248)

1. An 7 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Covivio Immobilien GmbH (an Ghearmáin), agus Covivio Holding GmbH (an Ghearmáin), faoi rialú Covivio SA ('Covivio', an Fhrainc),

— La Caisse des Dépôts et Consignations ('CDC', an Fhrainc),

— Covivio Berlin Prime II (cuideachta neamhchorpraithe faoi láthair).

Gheobhaidh Grúpa Covivo agus CDC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Covivio Berlin Prime II.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Covivio Immobilien GmbH agus Covivio Holding GmbH: dhá fhochuideachta Ghearmánacha de chuid Ghrúpa Covivio na Fraince, arb é sócmhainní réadmhaoine a fháil, a shealbhú, a riar agus a léasú, sa Fhrainc agus san Eoraip, an speisialtóireacht atá aige,

— CDC: institiúid phoiblí Fhrancach ag a bhfuil stádas dlíthiúil speisialta a dhéanann gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an leas ginearálta chun tacú le beartais phoiblí arna seoladh ag an Stát agus ag údaráis áitiúla agus a dhéanann, trína fochuideachtaí, gníomhaíochtaí gnó atá oscailte don iomaíocht, sa Fhrainc go príomha.

3. Is mar seo a leanas a bheidh gníomhaíochtaí gnó Covivio Berlin Prime II (atá le clárú i Lucsamburg): punann sócmhainní réadmhaoine a bheith faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú ar a chuntas féin i mBeirlín na Gearmáine.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12222 — COVIVIO GROUP / CDC / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË